



Commission of Investigation

Handling of Historical Child Sexual Abuse in Schools

Fógra um Príobháideacht Sonraí

Clár an Ábhair

1.	Réamhrá	2
2.	Cuspóir	3
3.	Rialaitheoir Sonraí agus Próiseálaithe Sonraí	4
4.	Cuspóirí na Próiseála	5
5.	Catagóirí Sonraí Pearsanta	9
6.	Cé Lena Roinnimid Sonraí Pearsanta	11
7.	Ceartha Duine Is Ábhar Do Na Sonraí	12
8.	Íoslaghdú Sonraí	13
9.	Sonraí Pearsanta a Choinneáil	14
10.	Tríú Páirtithe	14
11.	Aistriú Sonraí Tríú Tír	14
12.	Sláine agus Rúndacht	15
13.	Oifigeach Cosanta Sonraí	16
14.	Nuashonruithe ar an bhFógra Seo	17

1. Réamhrá

San Fhógra um Príobháideacht Sonraí seo ('an Fógra') tugtar eolas duit faoin gcaoi a mbailíonn, a n-úsáideann agus a gcosnaíonn an Coimisiún Imscrúdúcháin maidir le Láimhseáil na Drochúsáide Gnéasaí Leanaí i Scoileanna Lae agus Cónaithe ('an Coimisiún'), sonraí pearsanta.

Glacann an Coimisiún i ndáiríre lena oibleagáidí um chosaint sonraí. Déileálfar leis na sonraí pearsanta uile i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ((AE) 2016/679) ('an RGCS') agus leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018 ('Acht 2018').

San Fhógra seo, mínítear an méid seo a leanas:

- Cén chaoi agus cén fáth a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil
- An cuspóir agus an bunús dlí a bhaineann le do shonraí pearsanta a phróiseáil
- An chaoi a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil go sábháilte
- Do chearta faoin dlí um chosaint sonraí.

Tá bríonna dlíthiúla ar leith ag roinnt téarmaí a úsáidtear san Fhógra seo. Féach ar an gcuid den Fhógra (thíos) faoi Shainmhínithe le haghaidh míniúcháin nó sainmhíniú de na téarmaí ábhartha.

Sainmhínithe

- **'Toiliú'** ón duine is ábhar do na sonraí a chiallaíonn aon chomhartha a thugtar go neamhshrianta, comhartha ar leith, eolach agus soiléir de mhianta an duine is ábhar do na sonraí, ina léiríonn sé nó sí, trí ráiteas nó gníomh dearfach agus soiléir, go bhfuil sé nó sí sásta go ndéanfar sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a phróiseáil.
- **'Rialaitheoir'** a chiallaíonn an duine nádúrtha nó dlíthiúil, údarás poiblí, gníomhaireacht nó comhlacht eile a shocraíonn leis féin nó le daoine/comhlachtaí eile, cuspóirí agus modhanna próiseála sonraí pearsanta; áit a socraítear cuspóirí agus modhanna próiseála den sórt sin le dlí an Aontais nó

Ballstáit, is féidir le dlí an Aontais nó Ballstáit an rialaitheoir nó na critéir ar leith le haghaidh a ainmniúcháin a chur ar fáil.

- **‘Duine is Ábhar do na Sonraí’** a chiallaíonn duine nádúrtha aitheanta nó inaitheanta lena mbaineann na sonraí pearsanta – féach freisin ar an sainmhíniú ar shonraí pearsanta thíos.
- **An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)** is ea Rialachán de chuid an AE a bhaineann le cosaint sonraí a tháinig i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018. Tá an Rialachán ar fáil ar líne.
- **‘Sonraí Pearsanta’** a chiallaíonn aon eolas a bhaineann le duine nádúrtha aitheanta nó inaitheanta (‘duine is ábhar do na sonraí’); duine nádúrtha inaitheanta is féidir a aithint go díreach nó go neamhdhíreach, go háirithe faoi threoir aitheantóra ar nós ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne, nó faoi threoir ceann amháin nó níos mó de na tosca a bhaineann go díreach le haitheantas fisiciúil, síceolaíoch, géiniteach, meabhrach, eacnamaíoch, cultúrtha nó sóisialta den duine nádúrtha sin.
- **‘Próiseáil’** a chiallaíonn aon oibríocht nó sraith oibríochtaí a fheidhmítear ar shonraí pearsanta nó ar shraitheanna sonraí pearsanta, cé acu an ndéantar nó nach ndéantar iad trí mhodhanna uathoibrithe, ar nós bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó athrú, aisghabháil, comhairliúchán, úsáid, nochtadh trí tharchur, scaipeadh nó iad a chur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú nó meascán, bacadh, léirsciosadh nó scriosadh.
- **‘Catagóirí Speisialta de Shonraí Pearsanta’** a chiallaíonn sonraí pearsanta **ina** nochtfaidh bunús ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creidimh reiligiúnacha nó fealsúnacha, nó ballraíocht i gceardchumann, sonraí géiniteacha, sonraí bithmhéadracha, sonraí maidir le sláinte nó sonraí maidir le saol gnéis nó gnéaschlaonadh duine nádúrtha.

2. Cuspóir

Is é atá á imscrúdú ag an gCoimisiún:

- An chaoi ar láimhseáil scoileanna, agus iad siúd freagrach as iad a reáchtáil, ábhair imní faoi dhrochúsáid ghnéasach leanaí. Clúdaíonn sé seo imscrúdú a dhéanamh ar aon theipeanna le leanaí a chosaint agus na cúiseanna leis na teipeanna sin;
- An chaoi ar fhreagair An Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), agus an Roinn Oideachais agus Óige d'ábhair imní faoi dhrochúsáid ghnéasach leanaí a tuairiscíodh dóibh;
agus
- Tionchar na drochúsáide gnéasaí ar mharthanóirí, agus cad is féidir a fhoghlaim maidir le leanaí a chosaint amach anseo.

Is gá don Choimisiún tuarascáil a dhéanamh don Aire Oideachais agus Óige maidir le tionchar na drochúsáide gnéasaí ar mharthanóirí agus cad atá le foghlaim amach anseo maidir le cosaint leanaí. Is gá dó cur chuige samplála a chur i bhfeidhm ina imscrúdúchán, mar atá leagtha amach ina Théarmaí Tagartha.

Bunóidh an Coimisiún Clár Rannpháirtíochta Marthanóirí chun ligean do mharthanóirí nó i gcúinsí áirithe, do bhall teaghlaigh, cuntas a thabhairt ar a n-eispéiris de dhrochúsáid ghnéasach, ar bhonn anaithnidithe.

Is féidir achoimre iomlán de na cúrsaí ar gá don Choimisiún imscrúdú a dhéanamh orthu a fháil in Ordú an Choimisiúin Imscrúdúcháin (Láimhseáil Drochúsáide Gnéasaí Stairiúla Leanaí i Scoileanna Lae agus Cónaithe) 2025 (I.R. Uimh. 388 de 2025). Déantar tagairt dó seo mar is féidir teacht ar Théarmaí Tagartha an Choimisiúin [anseo](#).

Baineann an Fógra seo le sonraí pearsanta a phróiseáil d'fhonn tabhairt faoin imscrúdúchán seo agus an Clár Rannpháirtíochta Marthanóirí.

3. Rialaitheoir Sonraí agus Próiseálaithe Sonraí

Rialaitheoir Sonraí

Is é an Coimisiún an Rialaitheoir Sonraí le haghaidh na sonraí uile a bhaineann le daoine nádúrtha aitheanta nó inaitheanta a dhéantar a phróiseáil d'fhonn imscrúdúchán an Choimisiúin a reáchtáil agus a Théarmaí Tagartha a chomhlíonadh.

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún ar ríomhphost ag info@commissionofinvestigation.ie nó tríd an bpost ag:

An Coimisiún Imscrúdúcháin

Bosca PO 13903

Baile Átha Cliath 2

Próiseálaithe

Beidh catagóirí éagsúla de phróiseálaithe sonraí ag tacú leis an gCoimisiún lena Théarmaí Tagartha a chomhlíonadh, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- i. Aon Choimisinéir atá ceaptha ag an Aire i gcomhréir leis an Acht um Choimisiún Imscrúdúcháin, 2004 lena n-áirítear aon Choimisinéir atá ceaptha don Chlár Rannpháirtíochta Marthanóirí
- ii. Abhcóide don Choimisiún
- iii. Dlídóir don Choimisiún
- iv. Imscrúdaitheoir don Choimisiún
- v. Ball foirne den Choimisiún;
agus
- vi. Duine atá ceaptha ag an gCoimisiún chun comhairle nó cuidiú a thabhairt i dtaca le haon ábhar a cheapan sé/sí atá riachtanach chun tabhairt faoina fheidhmeanna lena Théarmaí Tagartha a chomhlíonadh.

4. Cuspóirí na Próiseála

Beidh ar an gCoimisiún sonraí pearsanta a phróiseáil d'fhonn tabhairt faoina fheidhmeanna agus d'fhéadfadh próiseáil sonraí pearsanta íogair (sonraí catagóire speisialta faoi Airteagal 9 den RGCS agus alt 45 d'Acht 2018) a bheith san áireamh anseo.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar chuspóirí na próiseála mar seo a leanas:

CUSPÓIR	BUNÚS DLÍ
An t-imscrúdúchán a reáchtáil maidir leis an gcaoi ar láimhseáil scoileanna agus na húdaráis iomchuí ábhair imní faoi dhrochúsáid ghnéasach leanaí; tionchar na drochúsáide gnéasaí ar mharthanóirí; agus ceachtanna maidir le cosaint leanaí amach anseo, agus imscrúdúchán a reáchtáil maidir leis an gcaoi ar láimhseáil An Garda Síochana, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (nó na heagraíochtaí ábhartha a bhí ann roimhe seo nó a bheidh ann ina dhiaidh seo) agus an Roinn Oideachais agus Óige, ábhair imní faoi dhrochúsáid ghnéasach leanaí a tuairiscíodh dóibh. Tá an Coimisiún faoi threoir freisin tuairisciú a dhéanamh don Aire Oideachais agus Óige maidir le (a) tionchar na drochúsáide gnéasaí ar mharthanóirí agus (a) cad atá le foghlaim amach anseo maidir le cosaint leanaí.	Airteagal 6(1)(e) RGCS: is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir. (Féach an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 (Alt 38(4)(b)) (Rialacháin an Choimisiúin Imscrúdúcháin (Láimhseáil Drochúsáide Gnéasaí Stairiúla Leanaí i Scoileanna Lae agus Cónaithe) 2026) Airteagal 9(2)(g) RGCS: is gá an phróiseáil a dhéanamh ar mhórchúiseanna leasa an phobail, ar bhonn dhlí an Aontais nó dlí Ballstáit a bheidh ar comhréir leis an aidhm atá á saothrú, a urramóidh éirim an chirt maidir le cosaint sonraí agus a fhorálfaidh do bhearta oiriúnacha agus sonracha chun cearta bunúsacha agus leasanna an ábhair sonraí a choimirciú. Féach an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 (Alt 51(3)) (Rialacháin an Choimisiúin Imscrúdúcháin (Láimhseáil Drochúsáide

	Gnéasaí Stairiúla Leanaí i Scoileanna Lae agus Cónaithe) 2026)
Tuarascálacha eatramhacha agus Tuarascáil Deiridh an Choimisiúin a ullmhú	Airteagal 6(1)(e) RGCS: is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir. (Féach an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 (Alt 38(4)(b)) (Rialacháin an Choimisiúin Imscrúdúcháin (Láimhseáil Drochúsáide Gnéasaí Stairiúla Leanaí i Scoileanna Lae agus Cónaithe) 2026) Airteagal 9(2)(g) RGCS: is gá an phróiseáil a dhéanamh ar mhórchúiseanna leasa an phobail, ar bhonn dhlí an Aontais nó dlí Ballstáit a bheidh ar comhréir leis an aidhm atá á saothrú, a urramóidh éirim an chirt maidir le cosaint sonraí agus a fhorálfaidh do bhearta oiriúnacha agus sonracha chun cearta bunúsacha agus leasanna an ábhair sonraí a choimirciú. Féach an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 (Alt 51(3)) (Rialacháin an Choimisiúin Imscrúdúcháin (Láimhseáil Drochúsáide Gnéasaí Stairiúla Leanaí i Scoileanna Lae agus Cónaithe) 2026)
Riaradh an Choimisiúin	Airteagal 6(1)(e) RGCS: is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar

	mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údarais oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir. (Féach an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 (Alt 38(4)(b)) (Rialacháin an Choimisiúin Imscrúdúcháin (Láimhseáil Drochúsáide Gnéasaí Stairiúla Leanaí i Scoileanna Lae agus Cónaithe) 2026) Airteagal 9(2)(g) RGCS: is gá an phróiseáil a dhéanamh ar mhórchúiseanna leasa an phobail, ar bhonn dhlí an Aontais nó dlí Ballstáit a bheidh ar comhréir leis an aidhm atá á saothrú, a urramóidh éirim an chirt maidir le cosaint sonraí agus a fhorálfaidh do bhearta oiriúnacha agus sonracha chun cearta bunúsacha agus leasanna an ábhair sonraí a choimirciú. Féach an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 (Alt 51(3)) (Rialacháin an Choimisiúin Imscrúdúcháin (Láimhseáil Drochúsáide Gnéasaí Stairiúla Leanaí i Scoileanna Lae agus Cónaithe) 2026) Airteagal 9(2)(j) RGCS: is gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh i gcomhréir le hAirteagal 89(1) bunaithe ar dhlí an Aontais nó ar dhlí Ballstáit a bheidh ar comhréir leis an aidhm atá á saothrú, a urramóidh éirim an chirt maidir le cosaint sonraí agus a fhorálfaidh do bhearta
--	---

	oiriúnacha agus sonracha chun cearta bunúsacha agus leasanna an ábhair sonraí a choimirciú.
Comhlíonadh oibleagáidí dlíthiúla	Airteagal 6(1)(c) RGCS; Airteagal 9(2)(g) RGCS: I gcúinsí áirithe, b'fhéidir go mbeidh ar an gCoimisiún de réir dlí eolas a thuairisciú faoi dhrochúsáid ghnéasach leanai chuig An nGarda Síochána agus/nó chuig an nGníomhaireacht um Leanai agus an Teaghlach.

5. Catagóirí Sonraí Pearsanta

Beidh éagsúlacht sna sonraí pearsanta ar leith, lena n-áirítear catagóirí speisialta de shonraí pearsanta, a bheidh á bpróiseáil ag an gCoimisiún, ag brath ar an modh nó ar na modhanna teagmhála le daoine aonair i rith an t-imscrúdúcháin a reáchtáil. Tá modheolaíocht an Choimisiúin leagtha amach i gCuid 3 dá Théarmaí Tagartha. Tá cineál na sonraí ar dócha a bheidh á bpróiseáil ag an gCoimisiún agus é ag tabhairt faoina fheidhmeanna leagtha amach thíos agus d'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh:

CINEÁL	SAMPLA/CUR SÍOS	FOINSE
Faisnéis aitheantais	- Ainm - Seoladh - Seoladh r-phoist - Uimhir fóin	Go díreach nó go indíreach
Ráitis, Aighneachtaí & Taifid Ghaolmhara	Na ráitis uile i scríbhinn in aon fhormáid, a chuirtear ar fáil don Choimisiún, lena n-áirítear ceistneoirí agus	Go díreach

	rannpháirtíocht suirbhé (lena n-áirítear aon doiciméid a gineadh ón suirbhé tosaigh, arna reáchtáil faoi pharagraf 8 (a) de Théarmaí Tagartha an Choimisiúin; aon doiciméid ina ndéantar anailís ar an suirbhé, nó rogha samplaí le mion-imscrúdú a dhéanamh orthu) • Doiciméid nó ráitis a chuirtear ar fáil tríd an bpost, ar ríomhphost, ar an bhfón nó trí aon mhodhanna eile. • Doiciméid, nótaí nó taifid a chuirtear ar fáil trí theagmháil le grúpaí ionadaíocha nó grúpaí/daoine eile. • Doiciméid nó ráitis a chuireann marthanóirí ar fáil nó atá ginte trí theagmháil leis an gClár Rannpháirtíochta Marthanóirí nó trí shruth imscrúdúcháin obair an Choimisiúin. • Doiciméid a bhaineann le láimhseáil na scoileanna, agus na ndaoine agus na n-eintiteas freagrach as scoileanna agus bainteach leo, d'ábhair imní faoi dhrochúsáid ghnéasach leanaí.	
Gearáin thuairiscithe d'Ábhair Imní faoi Dhrochúsáid Ghnéasach Leanáí	• Doiciméid a fuair An Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (nó na heagraíochtaí ábhartha a bhí ann roimhe seo nó a bheidh ann ina dhiaidh seo) agus an Roinn Oideachais agus Óige d'ábhair imní faoi dhrochúsáid ghnéasach	Go díreach nó go indíreach

	leanaí a tuairiscíodh dóibh de bhun aon iarratais a dhéanann an coimisiún nó de bhun aon iarratas agus/nó teoracha lena bhFollasú Más infheidhme, doiciméid a fhaightear ó dhuine nó eintiteas eile den sórt sin de bhun teorach lena bhFollasú nó ar aon slí eile. Doiciméid a fhaightear ó scoileanna, agus ó dhaoine agus eintitis atá freagrach as scoileanna agus bainteach le scoileanna, maidir le hábhair imní faoin gcéanna dóibh, de bhun de bhun aon iarratais a dhéanann an coimisiún nó de bhun aon iarratas agus/nó teoracha lena bhFollasú	
Comhfhreagras	Cóipeanna de chomhfhreagras i bhformáid leictreonach nó fhisiciúil ina bhfuil sonraí pearsanta den seoltóir agus/nó de dhaoine eile	Go díreach
Sonraí Ball Foirne/Saineolaithe	Sonraí daoine aonair atá ag tacú leis an gCoimisiún ina chuid oibre nó saineolaithe atá fostaithe ag an gCoimisiún chun a Théarmaí Tagartha a chomhlíonadh	Go díreach

6. Cé Lena Roinnimid Sonraí Pearsanta

Go hiondúil, beidh a chuid éisteachtaí á reáchtáil ag an gCoimisiún go príobháideach. Ach, b'fhéidir go ndéanfaidh sé cinneadh éisteachtaí áirithe a reáchtáil go poiblí. I

gceachtar cás, b'fhéidir go mbeidh gá sonraí pearsanta ábhartha a roinnt le páiritithe sna héisteachtaí sin (agus a n-ionadaithe dlíthiúla) agus le finnítithe roimh ré.

Áit a bhfaigheann an Coimisiún faisnéis phearsanta ina n-ardaítear ábhar imní faoi chosaint leanaí, nó ina bhfuil oibleagáidí tuairiscithe i gceist dá bharr, a bheadh ag an gCoimisiún faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar) 2012, b'fhéidir go mbeidh air an fhaisnéis sin a roinnt le Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, nó, leis An nGarda Síochána.

Sna staitisticí agus cinntí i dtuarascáil deiridh an Choimisiúin d'fhéadfaí tagairt a dhéanamh do dhaoine ar leith, sa mhéid is gur feidhm riachtanach den Choimisiún é sin a dhéanamh.

7. Cearta Duine Is Ábhar Do Na Sonraí

Tá cearta éagsúla a bhaineann leis an úsáid a bhaineann an Coimisiún as sonraí pearsanta, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- **Rochtain:** Is féidir le duine is ábhar do na sonraí iarraidh breathnú ar na sonraí pearsanta atá ag an gCoimisiún faoi nó fúithi. Tá roinnt eisceachtaí ann – mar shampla, d'fhéadfaí rochtain a dhiúltú áit a nochtfaí sonraí pearsanta faoi dhuine eile dá gcuirfí an fhaisnéis ar fáil, nó áit a bhfuil cosc ar an gCoimisiún de réir dlí iad a nochtadh nó áit a bhfuil sé srianta óna leithéid a dhéanamh.
- **Cruinneas:** Tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún sonraí pearsanta a choimeád cruinn, reatha agus ina n-iomláine. Mura bhfuil na sonraí pearsanta atá ag an gCoimisiún cruinn nó má athraíodh iad, d'fhéadfadh duine is ábhar do na sonraí teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún (ag na sonraí teagmhála atá curtha ar fáil thíos) lena leithéid de shonraí a bheith tugtha suas chun dáta.
- **Faisnéis:** Tá sé de cheart ag duine is ábhar do na sonraí faisnéis a fháil faoi phróiseáil a s(h)onraí pearsanta a dhéanann an Coimisiún.
- **Cur i gcoinne:** I gcúinsí áirithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé de cheart ag duine is ábhar do na sonraí cur i gcoinne phróiseáil a s(h)onraí pearsanta.

- **Scríosadh:** Tá sé de cheart ag duine is ábhar do na sonraí a s(h)onraí pearsanta a scríosadh nuair, i measc rudaí eile, a dhéantar a s(h)onraí pearsanta a phróiseáil go mídhleathach. Cé go bhfuil sé de cheart ag duine is ábhar do na sonraí iarratas a dhéanamh go scríosfar a s(h)onraí, b'fhéidir nach mbeidh an Coimisiún in ann an t-iarratas a cheadú má tá a leithéid de shonraí faoi réir an Achta um Chartlann Náisiúnta 1986 agus nach ndearnadh aon ordú chun fáil réidh leis an gcatagóir sonraí faoin Acht sin.
- **Srianadh ar phróiseáil:** Tá sé de cheart ag duine is ábhar do na sonraí iarratas a dhéanamh go gcuirfidh an Coimisiún srian le próiseáil sonraí. Ní úsáidfear sonraí pearsanta atá a gcoimeád ag an gCoimisiún le haghaidh cinntí ná próifíliú a dhéanamh go huathoibríoch.
- **Srianadh ar chearta:** D'fhéadfadh cearta áirithe de na cearta seo a bheith srianta de bharr reachtaíochta. Go sonrach, tá an chumhacht tugtha ag an Rialtas don Choimisiún chun srian a chur le cearta daoine is ábhar do na sonraí, ar nós an ceart le cur i gcoinne a dhéanamh nó an ceart le scríosadh a dhéanamh, áit a bhfuil gá leis an srianadh sin le haidhm an Choimisiúin a chomh líonadh, fad is go bhfuil an srianadh sin iomchuí. Tá sé seo leagtha amach san Acht um Chosaint Sonraí 2018 (Alt 60(6)) (Rialacháin an Choimisiúin Imscrúdúcháin (Láimhseáil Drochúsáide Gnéasaí Stairiúla Leanaí i Scoileanna Lae agus Cónaithe) 2026).

Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le cearta duine is ábhar do na sonraí, féach Treoir an Choimisinéara um Chosainta Sonraí faoi Chearta Duine is Ábhar do na Sonraí [anseo](#).

8. Íoslaghdú Sonraí

Ní bhaileoidh agus ní phróiseálfaidh an Coimisiún sonraí pearsanta ach amháin más gá d'fhonn a Théarmaí Tagartha a chomhlíonadh. Ní bhaileoidh agus ní phróiseálfaidh an Coimisiún sonraí pearsanta ach amháin sa mhéid go bhfuil siad sásúil, ábhartha, agus

teoranta do cad atá riachtanach d'fhonn tabhairt faoina fheidhmeanna (de bhun Airteagal 5(1)(c) den RGCS).

9. Sonraí Pearsanta a Choinneáil

Beidh na sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil don Choimisiún agus a phróiseálann an Coimisiún faoi réir an Achta um Chartlann Náisiúnta 1986 ina bhforáiltear go gcaithfear a thaifid a chur i dtaisce leis an Roinn Oideachais agus Óige nuair a chuirtear obair an Choimisiúin i gcrích. Tar éis 30 bliain, aistreofar na taifid ansin go dtí na Cartlanna Náisiúnta. Ní féidir fáil réidh le taifead ar bith gan údarú a fháil ó Stiúrthóir na gCartlann Náisiúnta. Cé go bhfuil sé de cheart agat iarratas a dhéanamh go scriosfar do shonraí, d'fhéadfadh sé nach mbeifí in ann an t-iarratas seo a chomhlíonadh má tá do shonraí faoi réir an Achta um Chartlann Náisiúnta 1986.

Comhlíonfaidh an Coimisiún aon treoir nó údarú a fhaigheann sé maidir leis seo. Is féidir teacht ar an treoir ábhartha ó na Cartlanna Náisiúnta [anseo](#).

10. Tríú Páirtithe

Áit a gcoimeádann an Coimisiún sonraí pearsanta faoi dhuine nach raibh i dteagmháil go díreach leis an gCoimisiún, is é an téarma a thugtar ar an duine sin ná 'tríú páirtí'. Is féidir sonraí pearsanta tríú páirtí a bheith sna taifid a chuir daoine is ábhar do na sonraí a dhéanann teagmháil leis an gCoimisiún le faisnéise maidir le hábhar imní nó gearán faoi dhrochúsáid nó eile. Is féidir sonraí pearsanta faoi thríú páirtí, sonraí duine i gcatagóir speisialta, a bheith i ndoiciméid eile a fhaigheann an Coimisiún, ar nós, trí fhaisnéis anaithnidithe agus/nó faoi ainm bréige i gcomhréir le treoir lena Follasú a dhéanann an Coimisiún.

11. Aistriú Sonraí Tríú Tír

D'fhéadfadh daoine is ábhar do na sonraí agus tríú páirtithe ar nós Finnéithe ar Saineolaithe iad a bheith lonnaithe lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus ar an gcúis sin, b'fhéidir go mbeidh ar an gCoimisiún roinnt de na sonraí pearsanta a phróiseálann an Coimisiún a aistriú lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch chun na gcríocha atá leagtha amach san Fhógra seo. Áit nach bhfuil an tír aitheanta ag an gCoimisiún Eorpach mar thír a chuireann leibhéal sásúil cosanta sonraí ar fáil trí 'Chinneadh Leordhóthanachta', cinnteoidh an Coimisiún go bhfuil bearta iomchuí curtha i bhfeidhm lena oibleagáidí a chomhlíonadh faoi dhlí cosanta sonraí is infheidhme ina rialaítear a leithéid d'aistrithe. Mar shampla, d'fhéadfadh an Coimisiún brath ar Chlásail Chonarthacha Chaighdeánacha atá faofa ag an gCoimisiún Eorpach. D'fhéadfadh an Coimisiún brath freisin ar mhaoluithe áirithe a bhfuil foráil déanta dóibh faoi Airteagal 49 den RGCS, lena n-áirítear: - - - Airteagal 49(1)(a) – áit ar thoiligh an duine is ábhar do na sonraí go follasach leis an aistriú atá beartaithe, tar éis é a bheith curtha ar an eolas go bhféadfaidh rioscaí bheith ag baint le haistrithe den sórt sin don duine is ábhar do na sonraí in éagmais cinneadh leordhóthanachta agus in éagmais coimircí iomchuí; agus Airteagal 49(1)(d) – áit ar gá an t-aistriú a dhéanamh ar fhorais thábhachtacha leasa phoiblí; Airteagal 49(1)(e) – áit ar gá an t-aistriú a dhéanamh chun éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint.

12. Sláine agus Rúndacht

Tá an Coimisiún tiomanta do shonraí pearsanta a choinneáil slán. San áireamh sna bearta atá i bhfeidhm chun sonraí pearsanta a chosaint, tá an méid seo a leanas:

- Sonraí pearsanta a chriptiú atá á stóráil ar ríomhairí agus ar ghléasanna leictreonacha;
- Stóráil shlán de na taifid uile ar páipéar, agus rochtain orthu srianta dóibh siúd a bhfuil siad de dhíth orthu;
agus
- Rialuithe rochtana iomchuí chun srian a chur leo siúd sa Choimisiún atá in ann breathnú ar shonraí áirithe.

Is féidir le duine is ábhar do na sonraí gearán a dhéanamh don Choimisiún um Chosaint Sonraí mura bhfuil sé nó sí sásta leis an gcaoi ar láimhseáil an Coimisiún a s(h)onraí pearsanta:

An Coimisiún um Chosaint Sonraí

6 Rae Pheambróg

Baile Átha Cliath 2

D02 X963

Éire

Suíomh Gréasáin: www.dataprotection.ie

R-phost: info@dataprotection.ie,

Teil: (01) 765 0100 nó Uimhir Íosghlao: 1890 252 231

Is mór againn do phríobháideacht agus caithfimid le d'fhaisnéis phearsanta faoi rún. Ach, áit a dtarraingítear ár n-aird ar fhaisnéis ina bhfuil ábhar imní i gceist um chosaint, sábháilteacht nó leas linbh anois, d'fhéadfadh sé go mbeadh orainn faisnéis ábhartha a roinnt le Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, nó áit a bhfaighimid faisnéis ina mbeadh oibleagáid tuairiscithe i gceist dá bharr faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar) 2012 leis An nGarda Síochána. Roinnfear an fhaisnéis seo i gcomhréir lenár n-oibleagáidí dlíthiúla agus cumhdaigh.

13. Oifigeach Cosanta Sonraí

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) ceaptha ag an gCoimisiún. Faoin RGCS, tá an tOifigeach Cosanta Sonraí freagrach as comhairle a chur ar an gCoimisiún faoina oibleagáidí cosanta sonraí, monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh, agus gníomhú a dhéanamh mar phointe teagmhála don Choimisiún um Chosaint Sonraí agus do dhaoine aonair a bhfuil fiosruithe acu nó ábhair imní orthu a bhaineann le cosaint sonraí.

Má tá ceist agat nó ábhar imní ort faoin gcaoi a bhfuil do shoraí pearsanta á láimhseáil ag an gCoimisiún, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an OCS ar an gcéad dul síos:

An tOifigeach Cosanta Sonraí

An Coimisiún Imscrúdúcháin maidir le Láimhseáil Drochúsáide Gnéasaí Stairiúla
Leanaí i Scoileanna Lae agus Cónaithe

Bosca PO 13903

Baile Átha Cliath 2

R-phost: dpo@commissionofinvestigation.ie

14. Nuashonruithe ar an bhFógra Seo

Déanfaidh an Coimisiún athbreithniú ar an bhFógra go rialta agus déanfar é a nuashonrú nuair is gá. Foilseofar aon nuashonruithe ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin. Molann an Coimisiún do dhaoine is ábhar do na sonraí an suíomh gréasáin a sheiceáil go tréimhsiúil le haghaidh aon athruithe.